

Ábhar teagaisc ar ghnéithe inrochtaineachta den Chluiche Rólimeartha d'eagraithe grúpa



Parlaimint
na hEorpa

Clár

Gnéithe inrochtaineachta	3
Ábhar teagaisc	4
A / Modh neamhamhairc	4
1. Cineálacha scáileán	5
2. Gothaí le húsáid ar na scáileáin tadhaill agus na fóin phóca	5
3. Conas an luchóg a úsáid	6
B / Modh neamhéisteachta	7
C / Luchóg agus scáileáin tadhaill	7
D / Scáileáin idirghníomhacha	8
1. Comhaireamh síos agus gnéithe idirghníomhacha do scáileáin tadhaill agus scáileáin a fheidhmíonn le luchóga	8
2. Comhaireamh síos agus gnéithe idirghníomhacha do scáileáin mhóibíleacha	10

Gnéithe inrochtaineachta

Baineann Cluiche Rólimeartha Pharlaimint na hEorpa leas as dromchlaí digiteacha a bhfuil gnéithe inrochtaineachta ag gabháil leo, chun tacú le daoine lagamhairc nó lagéisteachta nó daoine atá bodhar.

Tá cur i láthair an ábhair dhigitigh agus an t-idirghníomhú leis i gcomhréir le ceanglais na dTreoirlínte maidir le hInrochtaineacht Ábhair Gréasáin (WCAG) 2.2 ag leibhéal A agus AA, a mhéid a bhaineann le clómhéideanna, codarsnacht agus dathanna, téacs go caint agus rialú fuaime.

Ina theannta sin, tá na hionaid don chluiche rólimeartha deartha chun freastal ar bheirt úsáideoirí cathaoireacha rothaí ag an am céanna.

Féach ar ár [ráiteas inrochtaineachta](#).

Ábhar teagaisc

A / Modh neamhamhairc

Tarlaíonn an cluiche rólimeartha i seomraí éagsúla a fheidhmíonn mar mhacasamhlacha d'fhíorspásanna i bParlaimint na hEorpa, amhail an seomra tionóil, seomraí coiste agus seomraí grúpaí polaitiúla. Idirghníomhóidh na himreoirí leis an gcluiche trí scáileáin tadhaill, scáileáin a fheidhmíonn le luchóga agus gairis mhóibíleacha. Cuireann Parlaimint na hEorpa na gairis mhóibíleacha ar fáil do na himreoirí: ní gá dóibh úsáid a bhaint as a bhfóin féin. Tá an cluiche dírithe den chuid is mó ar phlé, idirbheartaíocht agus teacht ar chomhréiteach idir na himreoirí.

Tá an comhéadan neamhamhairc deartha d'imreoirí lagamhairc chun cabhrú leo scáileáin idirghníomhacha agus gairis mhóibíleacha a úsáid. Is féidir le héascaitheoirí Pharlaimint na hEorpa an comhéadan neamhamhairc a chumasú do gach imreoir sa chluiche nó d'imreoirí áirithe. Má tá meascán de dhaoine lagamhairc agus daoine le hamharc ann, is féidir leis an éascaitheoir an modh neamhamhairc a ghníomhú ar bhonn aonair do na gairis mhóibíleacha atá in úsáid ag imreoirí lagamhairc, chun a chur ar a gcumas vótáil le linn an chluiche.

Is féidir le himreoirí le hamharc cabhrú le himreoirí lagamhairc i ngrúpa ina bhfuil meascán d'imreoirí lagamhairc agus imreoirí le hamharc. Ach is faoin ngrúpa a bheidh sé a chinneadh an cluiche a imirt sa mhodh neamhamhairc do gach imreoir nó gan é sin a dhéanamh.

Má tá grúpa ann inar imreoir lagamhairc gach duine, caithfidh an grúpa sin cúntóir nó cúntóirí grúpa a thabhairt leo chun na himreoirí a thionlacan le linn na cuairte, go háirithe chun bogadh timpeall sa limistéar ina n-imrítear an cluiche rólimeartha. Ba cheart do na himreoirí na gothaí a bhfuil cur síos tugtha orthu a fhoghlaim chun na gairis dhigiteacha a úsáid.

Má tá imreoirí lagamhairc agus imreoirí le hamharc ag grúpa, ba cheart do gach duine eolas a chur ar na gothaí roimh an gcualairt.

Moltar d'imreoirí lagamhairc péire cluasán a úsáid agus feidhmeanna léitheora scáileáin ghairis na n-imreoirí a n-úsáid acu. Is féidir leo cluasáin a iarraidh ón éascaitheoir más gá.

1. Cineálacha scáileán

- Úsáidtear scáileáin tadhaill le linn chéim an chomhairliúcháin.
- Úsáidtear scáileáin a fheidhmíonn le luchóga i seomraí na ngrúpaí polaitiúla. Tá scáileáin tadhaill ag roinnt ionaid Europa Experience sna seomraí sin.
- Is gairis tadhaill iad na fóin phóca.

2. Gothaí le húsáid ar na scáileáin tadhaill agus na fóin phóca

Tapáil nó tapáil faoi dhó

- Má thapálann imreoirí ar an scáileán uair amháin, léifear amach an giota téacs atá air dóibh. Má tá giota ar an scáileán á léamh amach cheana, stopfaidh tapáil amháin eile an léamh.
- Má thapálann imreoirí faoi dhó ar an scáileán, roghnófar an giota téacs atá air agus déanfar an gníomh roghnaithe (e.g. brúfar cnaipe chun gníomh a dhearbhu). Léifidh an léitheoir scáileáin amach an téacs roghnaithe.

Clé- nó deas-svaidhpeáil

- Má dhéanann imreoirí clé-svaidhpeáil, léifear amach an chéad ghiota téacs eile dóibh.
- Má dhéanann imreoirí deas-svaidhpeáil, léifear amach an giota téacs roimhe sin dóibh.

Rialú fuaime breise ar fhóin phóca.

- Is féidir leis an imreoir an fhuaim a athrú mar is mian leo trí úsáid a bhaint as cnaipí fuaime ionsuite ar na fóin phóca.

3. Conas an luchóg a úsáid

Cléchliceáil agus déchliceáil

- Má dhéanann na himreoirí cléchliceáil leis an luchóg, léifidh an léitheoir scáileáin an giota téacs atá air faoi láthair dóibh. Má tá an léitheoir scáileáin ag léamh rud éigin cheana féin, cuirfidh sé seo stop leis.
- Má dhéanann na himreoirí cléchliceáil faoi dhó ar an scáileán, roghnófar an giota téacs atá air faoi láthair, agus déanfar an gníomh roghnaithe (m.sh. brúfar cnaipe chun gníomh a dhearbhu). Léifidh an léitheoir scáileáin amach an téacs roghnaithe.

Tarraingt ar chlé nó ar dheis

- Má dhéanann imreoirí cliceáil, coinneáil agus tarraingt ar chlé, léifear amach an chéad ghiota téacs eile dóibh.
- Má dhéanann imreoirí cliceáil, coinneáil agus tarraingt ar dheis, léifear amach an giota téacs roimhe sin dóibh.

Tarraingt suas nó síos

- Má dhéanann imreoirí cliceáil, coinneáil agus tarraingt suas, ardaítear an fhuaim. Léifidh an léitheoir scáileáin amach 'fuaim ardaithe'. Má tá an t-uasleibhéal fuaime sroichte cheana, léifidh an léitheoir scáileáin amach 'fuaim uasta'.
- Má dhéanann imreoirí cliceáil, coinneáil agus tarraingt síos, íslítear an fhuaim. Léifidh an léitheoir scáileáin amach 'fuaim íslithe'. Má tá an t-íosleibhéal fuaime sroichte cheana, léifidh an léitheoir scáileáin amach 'fuaim íosta'.

Bogadh luchóige

- Má bhogann na himreoirí an luchóg gan chliceáil, fógróidh an léitheoir scáileáin an treo inar bhog an luchóg isteach: 'bhog an luchóg ar chlé / ar dheis / suas / síos'.

B / Modh neamhéisteachta

Tá fotheidealú déanta ar gach píosa cainte sa chluiche.

Más grúpa d'imreoirí atá i gceist, ar dhaoine bodhra nó lagéisteachta iad go léir, molaimid don ghrúpa ateangaire comharthaíochta a thabhairt leo chun cumarsáid a dhéanamh le foireann Pharlaimint na hEorpa.

Mura daoine bodhra nó lagéisteachta ach roinnt de na himreoirí agus mura bhfuil ateangaire acu, is féidir leo páirt a ghlacadh fós trí chumarsáid a dhéanamh i scríbhinn le himreoirí eile. Tá go leor ama curtha i leataobh chuige sin.

C / Luchóg agus scáileáin tadhaill

Chun an luchóg a úsáid, cliceáil go tapa ar an gcnaipe clé (ná déan cliceáil agus coinneáil). Chun idirghníomhú leis an scáileán tadhaill agus leis an scáileán móibíleach, tapáil go tapa ar an scáileán (ná déan tadhall agus coinneáil).

D / Scáileáin idirghníomhacha

1. Comhaireamh síos agus gnéithe idirghníomhacha do scáileáin tadhaill agus scáileáin a fheidhmíonn le luchóga



Clog ag comhaireamh síos



Taispeánann an clog an méid ama a thugtar do thasc sa chluiche. D'fhéadfadh sé go mbeadh féachaint ar ábhar, plé a dhéanamh, idirbheartaíocht nó labhairt i gceist leis an tasc. Nuair a shroicheann an clog 00:00, leanfaidh an córas cluiche rólimeartha ar aghaidh go dtí an chéad radharc eile.

Más é an tasc rogha amháin a dhéanamh ó chinn éagsúla, roghnóidh an córas cluiche rólimeartha rogha réamhshocraithe mura bhfuil ceann roghnaithe ag na himreoirí nuair a ritheann an clog amach.

Cnaipí roghnúcháin

Nach gá dúinn feoil a ithe?

Úsáid na cnaipí chun cinneadh a dhéanamh idir roghanna éagsúla.

Méid an téacs a athrú



Úsáid an cnaipe seo chun athrú idir téacs réamhshocraithe agus téacs méadaithe.

Cnaipe don léitheoir scáileáin



Úsáid an cnaipe seo chun cnaipí don léitheoireacht os ard a thaispeáint in aice le gach giota téacs.



Úsáid na cnaipí seo chun éisteacht le giotaí téacs a léifear amach.

An fhuaim a athrú




Úsáid an cnaipe seo chun an fhuaim a ardú nó a ísliú.

Fág an comhrá



Úsáid an cnaipe seo chun deireadh a chur le comhrá.

2. Comhaireamh síos agus gnéithe idirghníomhacha do scáileáin mhóibíleacha



Clog ag comhaireamh síos



Taispeánann an clog an méid ama a thugtar do vótáil agus gníomhaíochtaí eile sa chluiche. Ní mór vótáil (tacú nó diúltú) nó rogha eile a dhéanamh sula ritheann an t-am amach ag 00:00.

Tacaigh (cnaipe le hordóg suas)



Úsáid an cnaipe seo chun tacú le leasú nó togra.

Diúltaigh (cnaipe le hordóg síos)



Úsáid an cnaipe seo chun diúltú do leasú nó do thogra.

Méid an téacs a athrú



Úsáid an cnaipe seo chun athrú idir téacs réamhshocraithe agus téacs méadaithe.

Cnaipe don léitheoir scáileáin



Úsáid an cnaipe seo chun cnaipí don léitheoireacht os ard a thaispeáint in aice le gach giota téacs.



Úsáid na cnaipí seo chun éisteacht le téacs a léifear amach.

An fhuaim a athrú



Úsáid an cnaipe seo chun an fhuaim a ardú nó a ísliú.